		explores personal experiences and interests through signs, symbols and text.	creates text using personal experiences and interests as stimulus.	begins to take part in collaborative writing with the teacher as scribe.	uses familiar topics as a stimulus for texts while creating texts jointly with the teacher.	collaboratively plans texts orally; sequences and writes texts with other children; reads and talks about their writing.	independently plans, sequences and writes texts; reads and talks about their writing with the teacher to check if it makes sense and begins to suggest simple changes to improve it.	independently plans and gathers information to create texts with a beginning, middle and end; reads and discusses their writing, identifying changes to improve it.	draws on a range of text sources, and begins to use graphic organisers to plan writing; composes, proofs and edits to include feedback.	draws on a wider range of text sources and uses graphic organisers to plan independent writing; composes, proofs and self-edits to improve texts.	evaluates and assesses feedback from others and selects relevant feedback to redraft text.  uses proofing and editing aids to revise/redraft text.  reflects on strategies and skills used during the writing process and assesses their effectiveness.	explains and justifies feedback incorporated to redraft text.  evaluates and justifies proofing and editing aids used to revise/redraft texts.  explains and justifies strategies and skills used during the writing process.

**Learning Outcomes for Writing (L1)**

Element	Number and label	Stage 1: Junior and senior infants Through appropriately playful learning experiences, children should be able to	Stage 2: First and second classes Through appropriately engaging learning experiences, children should be able to	Stage 3: Third and fourth classes Through appropriately engaging learning experiences, children should be able to	Stage 4: Fifth and sixth classes Through appropriately engaging learning experiences, children should be able to							
Exploring and using	8. Response and author's intent	Share the meaning of their own texts and demonstrate understanding through responding to the texts of others. TF8, C1+2	Elaborate on the meaning of their own writing and discuss the texts of others showing an emerging recognition of the author's intent. TF8, C3+4	Examine and critically reflect on their own intent and influences as authors.  Discuss and evaluate others' interpretation of their texts.								
	<b>PROGRESSION STEPS ARE FOR ALL CHILDREN ACROSS ALL STAGES</b>											
		a The child...	b The child...	c The child...	d The child...	e The child...	f The child...	g The child...	h The child...	i The child...	j The child...	k The child...
		uses a form of expression to convey the meaning of marks made.	gives meaning to marks made by self.  responds to marks made by others.	talks about their own texts and begins to respond to others' texts through talk, marks and drawings.	talks about and uses more detailed drawings in their own texts and gives more detail in responses to others' texts.	uses more elaborate drawings to share detail and identifies simple, explicit pieces of text in response to specific questions.  shares a personal interpretation of another person's text.	discusses their own work giving reasons for selection of topic and content.  discusses the work of others relating it to familiar experiences.	shares their work with others, elaborating on details.  responds to the work of others, discussing main points raised in greater depth and relating it where relevant to their own experiences.	verbally discusses, explains and connects with characters created in their own stories in greater detail.  discusses characters and key events in the stories of others, predicting and inferring characters' motives for key actions.	shares their reasons for use of particular words/phrases used for effect/mood/impact.  interprets main messages being conveyed in the work of others and infers author's reason for these.	compares their own intention as authors with others' interpretation of their text.  recognises the influence of an author's culture and identity on messages being conveyed.  examines and investigates a variety of methods and styles to portray the authors' message and intent.	evaluates the influence of their own culture and identity (as well as cultures in their community and outside their community) when creating texts.  assesses the link between the author's intent and the language register language register chosen.



## Learning Outcomes for Writing (L1)

Element	Number and label	Stage 1: Junior and senior infants Through appropriately playful learning experiences, children should be able to	Stage 2: First and second classes Through appropriately engaging learning experiences, children should be able to	Stage 3: Third and fourth classes Through appropriately engaging learning experiences, children should be able to	Stage 4: Fifth and sixth classes Through appropriately engaging learning experiences, children should be able to					
Exploring and using	9. Handwriting and presentation	Write upper- and lower-case letters as separate, flowing letters and present texts in a range of formats.	Write legibly and fluently in a chosen script and present texts in a range of formats. <a href="#">TF9, C3</a>	Write legibly and fluently in a chosen script using a personal style and present texts in a range of formats. <a href="#">TF9, C4</a>	Select, justify, and recommend appropriate writing and presentation styles to create and present texts in a range of formats.					
	<b>PROGRESSION STEPS ARE FOR ALL CHILDREN ACROSS ALL STAGES</b>									
	<b>a</b> The child...	<b>b</b> The child...	<b>c</b> The child...	<b>d</b> The child...	<b>e</b> The child...	<b>f</b> The child...	<b>g</b> The child...	<b>h</b> The child...	<b>i</b> The child...	<b>j</b> The child...
explores mark-making implements and surfaces.	uses mark-making implements and surfaces to present texts in a range of formats.	uses some muscle control to make letter-like forms.	uses good muscle control. writes some upper- and lower-case letters.	writes some upper- and lower-case letters legibly and as separate letters.	writes most upper- and lower-case letters as separate letters.	writes legibly and fluently using separate letters. presents text in a variety of formats.	fluently using separate letters. presents text for a variety of purposes and audiences.	writes legibly and fluently in a chosen script. presents text in a creative and engaging way for a variety of purposes and audiences.	examines and discusses presentation styles, strategies and formats when creating texts.	discusses and has fun with alphabets and scripts associated with different languages.

## Mórchéimeanna Dul chun Cinn don Scríbhneoireacht (T2)

<b>a</b>	Baineann an páiste triail agus úsáid as uirlisí déanta marcanna chun cruthanna agus téacsanna a chruthú. Cuireann sé/sí eispéiris phearsanta agus rudaí a bhfuil suim acu féin iontu in iúl, agus roinneann iad, trí chomharthaí, trí shiombailí agus trí théacs.
<b>b</b>	Taitníonn sé leis an bpáiste marcanna agus cruthanna difriúla a dhéanamh ag úsáid uirlisí difriúla. Comhroinneann sé/sí taithí agus suimeanna pearsanta trí na marcanna agus na cruthanna sin. Comhroinneann an páiste iad sin le daoine eile ag úsáid gothaí, fuaimeanna nó focal.
<b>c</b>	Taitníonn sé leis an bpáiste a bheith ag déanamh foirmeacha ar nós litreacha agus líníochtaí agus iad ag súgradh le huirlisí agus le hábhair dhifriúla. Comhroinneann sé/sí brí trí roinnt gnéithe a ainmniú. Idirhealaíonn an páiste idir litreacha agus pictiúir agus aithnítear roinnt litreacha i bhfocail choiteanna. Scríobhann agus idirghníomhaíonn sé/sí, ag comhroinnt taithí phearsanta, agus an múinteoir ag feidhmiú mar scríobhaí.
<b>d</b>	Taitníonn scríbhneoireacht fhabhraitheach leis an bpáiste agus iad ag úsáid acraí éagsúla agus ag taispeáint smacht maith ar na matáin. Míníonn sé/sí na príomhtheachtaireachtaí ina gcuid scríbhneoireachta. Úsáideann an páiste bunghnásanna cló, ainmnítear agus fuaimníonn roinnt litreacha agus úsáidtear teaglamaí randamacha litreacha sa scríbhneoireacht. Léiríonn eolas ar na fuaimeanna atá clúdaithe sna hiarrachtaí. Úsáideann sé/sí foclóir nua ó théacsanna a léitear agus scríobhann ar son cuspóirí ar leith agus bíonn ag idirghníomhú leis an múinteoir mar scríobhaí.
<b>e</b>	Leanann an páiste ag scríobh i gcomhar leis an múinteoir agus tosaítear ag scríobh go neamhspleách faoi thairbh phearsanta agus faoi thopaicí coiteanna. Úsáideann sé/sí roinnt litreacha atá ceart ó thaobh na bhfuaimeanna de agus patrúin choiteanna litreacha agus focail aitheanta le linn dóibh roinnt ord ceart focal, lánstadanna agus spásanna a úsáid in abairtí. Scríobhann an páiste roinnt litreacha cás uachtair agus cás íochtair go hinléite mar litreacha reatha scartha. Léann agus pléann sé/sí a dtéacsanna agus roghnaítear cinn le cur ar taispeáint.
<b>f</b>	Cruthaíonn an páiste téacsanna ina gcomhroinneann sé/sí taithí agus roghanna pearsanta. Déann an páiste é sin le habairtí iomlána, roinnt den fhoclóir ar tháinig sé/sí trasna air i dtéacsanna agus le foclóir taobh amuigh dá eispéireas féin, níos mó gnásanna cló agus níos mó litriú ceart agus léirítear eolas ar na fuaimeanna/fónaicí atá clúdaithe. Tosaíonn sé/sí ag roghnú teanga a oireann do théacsanna ar son cuspóir ar leith, agus oibríonn le daoine eile le linn phróiseas na scríbhneoireachta.
<b>g</b>	Cruthaíonn an páiste téacsanna d'éisteoirí difriúla agus do chuspóirí difriúla. Scríobhann sé/sí le níos mó neamhspleáchais ag úsáid stór leathan foclóra agus poncaíocht bhunúsach. Bailíonn an páiste eolas, tosaítear ag pleanáil a gcuid oibre agus á cur in eagar. Úsáideann an páiste straitéisí amhairc mar aon le heolas ar fhuaimneanna na Gaeilge chun focal a litriú agus litríonn réimse d'fhocail ardmhínicíochta go cruinn.
<b>h</b>	Cruthaíonn an páiste téacsanna go neamhspleách do roinnt cuspóirí agus pobail éisteachta. Úsáideann an páiste réimse seánraí scríofa. Cuimhníonn sé/sí ar an lucht éisteachta agus ar an gcuspóir nuair a bhíonn focail, smaointe nó eolas á roghnú aige/aici do na téacsanna, agus struchtúr na dtéacsanna á roghnú. Úsáideann an páiste aimsirí, nascaigh agus comharthaí poncaíochta éagsúla. Léiríonn an páiste eolas ar struchtúr agus rialacha na Gaeilge maidir le fuaimeanna, patrúin agus gramadach. Litríonn an páiste go cruinn ag úsáid réimse leathan straitéisí.
<b>i</b>	Úsáideann an páiste réimse seánraí scríofa. Cruthaíonn an páiste téacsanna go neamhspleách do roinnt cuspóirí agus pobail éisteachta. Cuimhníonn sé/sí ar an lucht éisteachta agus ar an gcuspóir nuair a bhíonn focail, smaointe nó eolas do na téacsanna, agus struchtúr na dtéacsanna á roghnú. Úsáideann an páiste aimsirí, nascaigh agus comharthaí poncaíochta éagsúla. Litríonn an páiste go cruinn ag úsáid réimse leathan straitéisí. Litríonn an páiste go cruinn ag úsáid réimse leathan straitéisí. Léiríonn an páiste eolas ar bhunfhuaimneanna agus na litrithe malartacha d'fhuaimneanna na Gaeilge sa scríbhneoireacht chomh maith le hathruithe gramadaí, eolas ar na gutaí agus patrúin choitianta.
<b>j</b>	Tagann an páiste ar a nguth féin ina gcuid scríbhneoireachta agus baineann úsáid as teanga chruthaitheach, aeistéitiúil agus shamhlaíoch chun téacsanna a chruthú i réimse leathan seánraí. Sainaithníonn an páiste an topaic, an cuspóir agus an lucht léitheoireachta le haghaidh tascanna scríbhneoireachta agus gineann smaointe faoi thopaicí níos dúshlánaí trína gcuid scríbhneoireachta. Bailíonn sé/sí faisnéis chun tacú le smaointe le haghaidh scríbhneoireachta agus é/lí ag úsáid éagsúlacht straitéisí agus réimse leathan foinsí cló agus leictreonacha. Baineann sé/sí leas as aiseolas agus iad ag scríobh agus déann cur síos ar na straitéisí a d'úsáid siad ina gcuid scríbhneoireachta.
<b>k</b>	Agus é/lí ag cruthú téacsanna, roghnaíonn an páiste foinsí faisnéise go grinn chun dul in oiriúint do na cuspóirí atá beartaithe. Measann sé/sí a gcuid scríbhneoireachta go grinn agus déann machnamh ar na gnéithe dá gcuid téacsanna a bhaineann go sonrach lena nguth aonair féin. Sainaithníonn sé/sí go grinn gnéithe dá gcuid scríbhneoireachta ar gá feabhas a chur orthu agus roghnaíonn cén chaoi le haiseolas a úsáid chun sleachta scríbhneoireachta athdhréachtaithe a chruthú i seánraí éagsúla. Cuireann sé/sí píosaí scríbhneoireachta i gcrích ar bhealach chruthaitheach a tharraingíonn aird na léitheoirí agus cuireann sleachta scríbhneoireachta críochnaithe i láthair, agus tugann údar leis na scileanna a úsáideadh agus é/lí ag cruthú téacsanna.

## Torthaí Foghlama don Scríbhneoireacht (T2)

Gné	Uimhir agus lipéad	Céim 1: Naionáin shóisearach agus shinsearach	Céim 2: Rang 1 agus Rang 2	Céim 3: Rang 3 agus Rang 4	Céim 4: Rang 5 agus Rang 6					
Cumarsáid	I. Rannpháirtíocht	Taitneamh a bhaint as marcanna agus líníocht a dhéanamh agus a gcuid scríbhneoireachta ag teacht chun cinn. <a href="#">LOI, S1</a>	Páirt a ghlacadh sa scríbhneoireacht pháirteach, agus taitneamh a bhaint aisti. <a href="#">LOI, S1</a>	Iad féin a aithint mar scríbhneoirí, páirt a ghlacadh i scríbhneoireacht agus taitneamh a bhaint aisti, chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile. <a href="#">LOI, S2</a>	Taitneamh a bhaint as téacsanna a chruthú chun cumarsáid a dhéanamh le daoine eile. Dearcadh dearfach agus cuspóir éagsúla a bheith ag páistí agus iad ag cur a gcuid smaointe in iúl i réimse seánraí.  Scríbhneoireacht a úsáid chun smaointe a shoiléiriú, agus chun a bhféiniúlacht a chur in iúl. <a href="#">LOI, S3+4</a>					
	<b>TÁ NA MIONCHÉIMEANNA DUL CHUN CINN ANN DO GACH PÁISTE TRASNA GACH CÉIM</b>									
<b>a</b> Gníomh an pháiste...	<b>b</b> Gníomh an pháiste...	<b>c</b> Gníomh an pháiste...	<b>d</b> Gníomh an pháiste...	<b>e</b> Gníomh an pháiste...	<b>f</b> Gníomh an pháiste...	<b>g</b> Gníomh an pháiste...	<b>h</b> Gníomh an pháiste...	<b>i</b> Gníomh an pháiste...	<b>j</b> Gníomh an pháiste...	<b>k</b> Gníomh an pháiste...
Baineann an páiste triail as uirlisí déanta marcanna agus as dromchlaí agus fiosraíonn iad.	Bíonn spraoi ag an bpáiste ag déanamh marcanna agus úsáideann sé/sí gothaí, fuaimneanna nó focail chun aird a dhíriú orthu sin.	Taitníonn leis an bpáiste pictiúir agus foirmeacha ar nós litreacha a chruthú agus comhroinneann sé/sí brí trí roinnt gnéithe ina chuid téacsanna a ainmniú.	Taitníonn sé leis an bpáiste a théacsanna scríofa luatha féin a chruthú agus miníonn sé/sí na príomh-theachtairachtáí iontu sin.	Taitníonn scríbhneoireacht leis an bpáiste agus comhroinneann sé/sí brí trína chuid téacsanna a léamh agus a phlé.	Taitníonn scríbhneoireacht leis an bpáiste le haghaidh cuspóirí féin-treoirithe agus éagsúla agus le cúnaimh ó bhunstruchtúir seánra.	Taitníonn sé leis an bpáiste a bheith ag scríobh i réimse níos leithne seánraí, taiscéaladh a dhéanamh ar a stíl féin, ag cur sonraí le smaointe sin a phlé le daoine eile.	Taitníonn sé leis an bpáiste a bheith ag úsáid stíl phearsanta scríbhneoireachta i réimse seánraí, ag tabhairt tuilleadh sonraí, ag déanamh tuilleadh forbartha ar charachtair agus ag úsáid teanga go cruthaitheach agus go samhlaítheach, agus iad á roinnt le daoine eile.	Taitníonn sé leis an bpáiste a stíl scríbhneoireachta féin a úsáid i réimse seánraí, ag tarraingt ar theanga fháthchiallach agus ag cruthú iomhánna gléineacha chun dul i bhfeidhm ar an léitheoir, agus pléann agus comhroinneann a chuid oibre.	Fiosraíonn agus pléann an páiste a stíl féin, cuspóirí an téacs agus an taitneamh a bhaineann daoine as téacs a chruthú go neamhspleách agus/nó le daoine eile.  Oibríonn an páiste le daltaí eile chun téacsanna a chruthú i réimse seánraí agus chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a stíl phearsanta féin.	Déanann an páiste measúnú ar a stíl phearsanta mar údar agus roinneann an taithí atá aige/aici ar chruthú téacs le daoine eile.  Pléann an páiste an fhorbairt atá tagtha ar a chuid scileanna mar údar chun téacsanna níos casta a chruthú agus déanann sé/sí machnamh ar an fhorbairt agus ar an dul chun cinn sin.

## Torthaí Foghlama don Scríbhneoireacht (T2)

Gné	Uimhir agus lipéad	Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha	Céim 2: Rang 1 agus Rang 2	Céim 3: Rang 3 agus Rang 4	Céim 4: Rang 5 agus Rang 6						
		Trí eispéiris chúí foghlama spráúla ba cheart go mbeadh páistí in ann	Trí eispéiris chúí foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann	Trí eispéiris chúí foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann	Trí eispéiris chúí foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann						
	2. Inspreagadh agus rogha	I gcomhpháirt leis an múinteoir; línióchtaí nó a gcuid scríbhneoireachta atá ag teacht chun cinn a phlé le daoine eile. <a href="#">LO2, S1+2</a>	I gcomhpháirt leis an múinteoir; uirlisí cuí a úsáid agus topaic agus ábhar a roghnú chun téacs páirteach a chumadh agus a roghnú le roinnt le daoine eile. <a href="#">LO2, S1+2</a>	Rogha a dhéanamh maidir le topaic, ábhair, uirlisí cuí don scríbhneoireacht pháirteach nó neamhspleách. Téacsanna a roghnú le roinnt le daoine eile. <a href="#">LO2, S1+2</a>	Uirlisí, straitéisí agus ábhar a mheas agus a roghnú chun téacs a chruthú i réimse seánraí. <a href="#">LO2, S3+4</a>						
Cumarsáid	<b>TÁ NA MIONCHÉIMEANNA DUL CHUN CINN ANN DO GACH PÁISTE TRASNA GACH CÉIM</b>										
	<b>a</b> Gníomh an pháiste...	<b>b</b> Gníomh an pháiste...	<b>c</b> Gníomh an pháiste...	<b>d</b> Gníomh an pháiste...	<b>e</b> Gníomh an pháiste...	<b>f</b> Gníomh an pháiste...	<b>g</b> Gníomh an pháiste...	<b>h</b> Gníomh an pháiste...	<b>i</b> Gníomh an pháiste...	<b>j</b> Gníomh an pháiste...	<b>k</b> Gníomh an pháiste...
	Láimhseálann an páiste uirlisí déanta marcanna agus ábhair chun téacs a chruthú.	Úsáideann an páiste gothaí, fuaimneanna nó focail chun aird a dhíriú ar na téacsanna is fearr leo a chruthaigh siad féin.	Bíonn an páiste ag súgradh le huirlisí agus le hábhair éagsúla chun téacsanna a chruthú ar a thopaic roghnaithe agus roghnaíonn téacsanna le cur ar taispeáint.	Úsáideann an páiste uirlisí agus ábhair éagsúla chun téacsanna a chruthú ar thopaic roghnaithe agus roghnaíonn téacsanna le cur ar taispeáint.	Le neamhspleáchas atá ag méadú, roghnaíonn an páiste topaic agus uirlisí cuí chun téacsanna a chruthú agus roghnaíonn téacsanna le foilsiú agus le cur ar taispeáint.	Roghnaíonn an páiste ó réimse níos leithne topaicí agus, le tacaíocht, roghnaíonn ábhar agus formáidí éagsúla cur i láthair chun a chuid scríbhneoireachta a chomhroinnt.	Roghnaíonn agus beachtaíonn an páiste smaointe agus ábhar dá théacsanna, agus roghnaíonn ó réimse formáidí cur i láthair chun a chuid scríbhneoireachta a chomhroinnt.	Tosaíonn an páiste ar thaighde agus roghnaíonn ábhar chun scríobh faoi thopaicí neamhaitheanta agus roghnaíonn ó réimse níos leithne formáidí cur i láthair chun a chuid scríbhneoireachta a chomhroinnt.	Déanann an páiste taighde agus roghnaíonn ábhar chun scríobh faoi thopaicí neamhaitheanta, agus roghnaíonn formáidí cuí cur i láthair chun a chuid scríbhneoireachta a chomhroinnt.	Déanann an páiste comparáid idir foinsí eolais éagsúla agus roghnaíonn an fhoinsí is feiliúnaí don chuspóir agus don lucht éisteachta/léite.	Déanann an páiste measúnú ar roinnt foinsí eolais agus roghnaíonn sé an fhoinsí is feiliúnaí don chuspóir agus don lucht éisteachta/léite.
									Déanann an páiste anailís ar aiseolas chun athdhreachtú a dhéanamh ar a théacs.  Roghnaíonn an páiste an seánra cuí don chuspóir agus don lucht éisteachta/léite.	Déanann an páiste anailís ar aiseolas agus roghnaíonn sé an t-aiseolas is feiliúnaí chun athdhreachtú a dhéanamh ar a théacs.  Tugann an páiste údar leis an seánra a roghnaíonn sé agus téacs á chruthú aige/ aici ar mhaithe le cuspóir agus don lucht éisteachta/léite éagsúla.	

## Torthaí Foghlama don Scríbhneoireacht (T2)

Gné	Uimhir agus lipéad	Céim 1: Naionáin shóisearacha agus shinsearacha Trí eispéiris chúf foghlama spráúla ba cheart go mbeadh páistí in ann	Céim 2: Rang 1 agus Rang 2 Trí eispéiris chúf foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann	Céim 3: Rang 3 agus Rang 4 Trí eispéiris chúf foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann	Céim 4: Rang 5 agus Rang 6 Trí eispéiris chúf foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann					
Tuisceint	3. Struchtúr abairte agus gnásanna cló	Gnásanna an chló a aithint. <a href="#">LO3, S1</a>	Roinnt abairtí gearra iomlána a scríobh le tacaíocht, ag baint úsáid as gnásanna an chló. <a href="#">LO3, S1</a>	Struchtúr abairte agus gnásanna cló cuí a úsáid agus iad ag cumadh téacsanna i bpáirt le daoine eile nó go neamhspleách. <a href="#">LO3, S2</a>	Úsáid a bhaint as struchtúr abairte, aimsirí cearta na mbriathra, agus nascfhocail ina gcuid scríbhneoireachta i seanraí éagsúla. <a href="#">LO3, S2</a>					
	<b>TÁ NA MIONCHÉIMEANNA DUL CHUN CINN ANN DO GACH PÁISTE TRASNA GACH CÉIM</b>									
<b>a</b> Gníomh an pháiste...	<b>b</b> Gníomh an pháiste...	<b>c</b> Gníomh an pháiste...	<b>d</b> Gníomh an pháiste...	<b>e</b> Gníomh an pháiste...	<b>f</b> Gníomh an pháiste...	<b>g</b> Gníomh an pháiste...	<b>h</b> Gníomh an pháiste...	<b>i</b> Gníomh an pháiste...	<b>j</b> Gníomh an pháiste...	<b>k</b> Gníomh an pháiste...
Baineann an páiste triail as comharthaí, as siombailí agus as téacs chun cumarsáid a dhéanamh.	Úsáideann an páiste cruthanna agus iad ag tarraingt marcanna chun cumarsáid a dhéanamh.	Déanann an páiste idirdhealú idir litreacha agus pictiúir.	Déanann an páiste idirdhealú idir léitheoireacht agus scríobhann ó chlé go deas, ó bhun go barr, leathanach ar leathanach.	Úsáideann an páiste ord ceart na bhfocal cuid den am, struchtúr abairte agus litreacha, spásanna, focail, abairtí agus lánstadanna agus tosaíonn ar cheannlitreacha a úsáid go cuí.  Aithníonn an páiste go bhfuil tréithe ar leith i scríobh na Gaeilge, síntí fada, séimhiú, urú srl.	Úsáideann an páiste ord ceart na bhfocal, struchtúr abairte, ceannlitreacha agus abairtí iomlána.	Úsáideann an páiste comharthaí ceiste, bunnascaigh, an aimsir cheart den bhriathar cuid den am, agus tosaíonn ar pharagraif a úsáid.	Úsáideann an páiste comharthaí athfhiotail, comharthaí uailbhreasa, roinnt paragraf agus nascaigh agus úsáideann an aimsir cheart den bhriathar níos minice.	Úsáideann an páiste straitéisí éagsúla go solúbtha chun focail neamhchoitianta agus dheacra a litriú.	Úsáideann an páiste réimse leathan gnásanna cló (ina measc, idirstad, leathstad, dais, fleiscín srl).  Fiosraíonn an páiste an chaoi a gcuidíonn gnásanna cló agus struchtúr abairte linn ciall a bhaint as téacs agus teachtaireacht a chur in iúl.  Aithníonn an páiste go bhfuil difríochtaí idir struchtúr na Gaeilge, struchtúr an Bhéarla, agus an struchtúr a bhíonn i dteangacha eile.  Léiríonn an páiste go dtuigeann sé go bhfuil difríochtaí idir gnásanna cló i dteangacha éagsúla agus leas á bhaint aige/aici as uirlisí digíteacha (m.sh., é, í, ù, è srl.).	Roghnaíonn an páiste gnásanna cló agus struchtúr abairte cuí chun go gcuideoidh sé le daoine ciall a bhaint as téacs agus chun teachtaireacht a chur in iúl.  Tugann an páiste míniú agus údar leis na roghanna sin.  Déanann an páiste plé ar struchtúr abairte na Gaeilge, an Bhéarla agus teangacha eile.  Léiríonn an páiste go dtuigeann sé an tionchar a bhíonn ag cineálacha éagsúla abairte (cineál abairte agus fad na habairte) ar an téacs a bhíonn á chruthú aige/aici.

**Torthaí Foghlama don Scríbhneoireacht (T2)**

Gné	Uimhir agus lipéad	Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha Trí eispéiris chúf foghlama spráúla ba cheart go mbeadh páistí in ann	Céim 2: Rang 1 agus Rang 2 Trí eispéiris chúf foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann	Céim 3: Rang 3 agus Rang 4 Trí eispéiris chúf foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann	Céim 4: Rang 5 agus Rang 6 Trí eispéiris chúf foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann
Tuiscint	4. Litriú agus staidéar ar fhocail	–	Úsáid a bhaint ina gcuid scríbhneoireacht pháirteach as stór focal atá á fhorbairt acu trína dtaithí phearsanta agus trí dhul i ngleic le téacs. LO4,S2	Litreacha ó aibítir na Gaeilge a aithint, a ainmniú, agus a fhuaimniú.  Úsáid a bhaint as roinnt litrithe chirt, ag tarraingt ar an eolas atá acu faoi phatrúin fuaimne agus patrúin litreacha.  Tosú ar thuiscint a léiriú ar athruithe gramadaí agus iad a úsáid i bhfrásaí coiteanna ina gcuid scríbhneoireachta. LO4,S2	Réimse focail ardmhíochta a litriú go cruinn agus straitéisí litrithe a úsáid chun focail neamhathleanta a litriú.  Ábhair thagartha a úsáid go neamhspleách chun litrithe a cheartú agus a sheiceáil.  A aithint go n-athraíonn focail Ghaeilge uaireanta de réir chomhthéacs na gramadaí (séimhiú, úrú, uimhir iolra, tuiseal giníreach).  Cosúlachtaí agus difríochtaí idir focail agus patrúin litreacha i dteangacha (Gaeilge, Béarla agus teangacha eile) agus i seanraí éagsúla a aithint. LO4,S3+4

**TÁ NA MIONCHÉIMEANNA DUL CHUN CINN ANN DO GACH PÁISTE TRASNA GACH CÉIM**

a Gníomh an pháiste...	b Gníomh an pháiste...	c Gníomh an pháiste...	d Gníomh an pháiste...	e Gníomh an pháiste...	f Gníomh an pháiste...	g Gníomh an pháiste...	h Gníomh an pháiste...	i Gníomh an pháiste...	j Gníomh an pháiste...	k Gníomh an pháiste...
Cruthaíonn an páiste cruthanna agus iad ag déanamh marcanna.	Úsáideann an páiste cruthanna agus é/í ag déanamh marcanna.	Aithníonn an páiste roinnt litreacha i bhfocail atá feicthe aige/aici cheana agus úsáideann iad sin agus siombailí eile chun téacs a léiriú.  Tugann an páiste chun cuimhne gnéithe/difríochtaí a bhaineann le pictiúir agus/nó rudaí.	Ceanglaíonn an páiste an litir leis an bhfuaim i gcás roinnt focal sa chás uachtair agus sa chás foichtair, úsáideann slabhraí randamacha litreacha agus tosaíonn ag léiriú tuiscint éiritheach ar fhuaimneanna na litreacha chun téacs a léiriú.  Tuirgeann an páiste an ceangal idir an focal scríofa agus an chaint.	Úsáideann an páiste roinnt litreacha atá ceart ó thaobh na bhfuaimneanna de, patrúin choitianta litreacha agus focail aitheanta.  Tosaíonn an páiste ar idirdhealú a dhéanamh idir fuaimneanna gutaí fada agus fuaimneanna gutaí gearra.  Aithníonn an páiste difríochtaí agus cosúlachtaí idir litreacha éagsúla.	Fuaimníonn agus ainmníonn an páiste gach litir sa chás uachtair agus sa chás foichtair; úsáideann roinnt consan agus gutaí cearta i neaslitríú agus litríonn roinnt focal ardmhíochta agus aitheanta.  Taispeánann an páiste go bhfuil feasacht acu ar fhuaimneanna a clúdaíodh, nuair a fhuaimníonn siad litreacha na bhfocal a bhíonn á litriú acu.	Úsáideann an páiste déghraif agus teaglamaí litreacha agus réimse focal aitheanta, tarraingíonn ar amharc-chuimhne le haghaidh focal ardmhíochta agus tosaíonn ag úsáid foclóirí.  Tosaíonn an páiste ag tuiscint go litriú ar bhéalach atá éagsúil leis an gcaoi a bhfuaimnítear iad.	Úsáideann an páiste straitéisí lena n-áirítear siollú, teaglamaí agus patrúin agus foclóirí chun réimse níos leithne focal a litriú agus déanann féincheartú níos minice.  Tuirgeann an páiste go litriú roinnt focal ar bhéalach atá éagsúil leis an gcaoi a bhfuaimnítear iad.	Úsáideann an páiste straitéisí éagsúla go solúbtha chun focail neamhchoitianta agus dheacra a litriú.	Aithníonn an páiste cosúlachtaí agus difríochtaí idir focail i dteangacha éagsúla agus pléann sé na gnéithe sin le daoine eile.  Pléann an páiste an fheidhm atá le caighdeán litrithe agus déanann sé measúnú ar an bhfeidhm sin.  Fiosraíonn agus pléann an páiste bunús na bhfocal i réimse ábhar.	Déanann an páiste machnamh ar na foinsí agus ar na straitéisí a d'úsáid sé chun focail a litriú agus déanann sé measúnú ar na foinsí agus na straitéisí sin.  Fiosraíonn an páiste an chaoi ar cuireadh caighdeán oifigiúil na Gaeilge le chéile agus pléann sé an aidhm atá le Caighdeán Oifigiúil na Gaeilge.  Aithníonn an páiste difríochtaí idir leaganacha caighdeánacha agus leaganacha malartacha agus téacs á chruthú acu.
Tréithe Breise – Gaeilge	–	–	Léiríonn an páiste níos mó eolais ar na bunfhuaimneanna.	–	–	–	–	–	–	–

## Torthaí Foghlama don Scríbhneoireacht (T2)

Gné	Uimhir agus lipéad	Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha Trí eispéiris chuí foghlama spráúla ba cheart go mbeadh páistí in ann	Céim 2: Rang 1 agus Rang 2 Trí eispéiris chuí foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann	Céim 3: Rang 3 agus Rang 4 Trí eispéiris chuí foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann	Céim 4: Rang 5 agus Rang 6 Trí eispéiris chuí foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann							
Tuiscint	5. Stór focal	–	Úsáid a bhaint ina gcuid scríbhneoireacht pháirteach as stór focal atá á fhorbairt acu trína dtáithí phearsanta agus trí dhul i ngleic le téacs. <a href="#">LO5, S1</a>	Úsáid a bhaint as stór focal óna dtáithí phearsanta agus óna dtáithí ar phlé le téacs. Teanga a úsáid go spráúil agus go cruthaitheach. <a href="#">LO5, S1+2</a>	Teanga agus stór focal ábhartha a roghnú chun téacsanna a chruthú i réimse seánraí ar mhaithe le cuspóirí agus luchtanna éisteachta/léite éagsúla.  Cúiseanna a thabhairt leis na roghanna sin. <a href="#">LO5, S3</a>							
	<b>TÁ NA MIONCHÉIMEANNA DUL CHUN CINN ANN DO GACH PÁISTE TRASNA GACH CÉIM</b>											
		<b>a</b> Gníomh an pháiste...	<b>b</b> Gníomh an pháiste...	<b>c</b> Gníomh an pháiste...	<b>d</b> Gníomh an pháiste...	<b>e</b> Gníomh an pháiste...	<b>f</b> Gníomh an pháiste...	<b>g</b> Gníomh an pháiste...	<b>h</b> Gníomh an pháiste...	<b>i</b> Gníomh an pháiste...	<b>j</b> Gníomh an pháiste...	<b>k</b> Gníomh an pháiste...
		Cíorann an páiste marcanna agus cruthanna, fiosraíonn iad agus baineann triail astu.	Úsáideann an páiste marcanna agus cruthanna chun taithí phearsanta a roinnt.	Úsáideann an páiste teanga óna thaithí phearsanta agus úsáideann í go spráúil agus le samhlaíocht i dtéacsanna a chruthaíonn sé/sí agus an múinteoir ag feidhmiú mar scríobhaí.	Úsáideann an páiste stór focal agus frásaí nua ó théacsanna a léann sé/sí agus úsáideann teanga go spráúil agus le samhlaíocht i dtéacsanna a scríobhann sé/sí in éineacht leis an múinteoir.	Úsáideann an páiste teanga óna thaithí phearsanta, ó théacsanna a léann sé/sí agus ón timpeallacht. Úsáideann an páiste teanga go spráúil agus le samhlaíocht i dtéacsanna a chruthaíonn sé/sí go neamhspleách.	Úsáideann an páiste teanga nach mbaineann lena thaithí phearsanta a bhailítear ó théacsanna eile a fiosraíodh agus úsáideann an teanga seo le samhlaíocht ina chuid téacsanna féin.	Úsáideann an páiste teanga shainiúil ábhair chun smaoineamh a chur in iúl. Baineann an páiste úsáid as réimse taithí agus téacsanna, agus tosaíonn ag úsáid teanga a chuireann níos mó sonraí in iúl.	Roghnaíonn an páiste stór focal chun brí nó mothúchán ar leith a chur in iúl trí úsáid a bhaint as teanga shamhlaitheach agus réimse taithí agus téacsanna.	Roghnaíonn an páiste stór focal ó raon foinsí agus baineann úsáid as chun smaointe a leathnú, tuilleadh sonraí a thabhairt agus chun éifeacht, giúmar nó íomhá a chruthú. Tosaíonn an páiste ar theanga fháthchiallach a úsáid ionas go mbeidh tionchar faoi leith ag téacs ar léitheoir.	Pléann an páiste na straitéisí a úsáideann sé/sí chun sealbhú a dhéanamh ar stór focal/teanga a bheidh sé/sí in ann a úsáid chun téacs a chruthú. Déanann an páiste cur síos ar theanga chruthaitheach, mhothúchán, agus shamhlaitheach agus úsáideann sé/sí iad agus téacs á chruthú aige/aici. Pléann sé/sí an fheidhm atá leis na gnéithe sin den teanga ina théacs féin.	Déanann an páiste measúnú ar na straitéisí a úsáideann sé/sí chun stór focal a aimsiú agus agus a shealbhú ionas go mbeidh sé/sí in ann leas a bhaint astu chun téacsanna a chruthú. Aithníonn an páiste an teanga oibiachtúil agus suibiachtúil a úsáidtear i seánraí éagsúla agus déanann sé/sí machnamh orthu nuair a bhíonn stór focal á roghnú aige/aici dá théacs. Aithníonn an páiste go léiríonn stór focal/teanga áirithe claontacht, steiréitíopa, agus fabhar agus smaoiníonn sé/sí air sin agus téacs á chruthú aige/aici.

**Torthaí Foghlama don Scríbhneoireacht (T2)**

Gné	Uimhir agus lipéad	Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha	Céim 2: Rang 1 agus Rang 2	Céim 3: Rang 3 agus Rang 4	Céim 4: Rang 5 agus Rang 6
6. Cuspóir; seánra agus guth	Líníocht a mbeidh cuspóirí éagsúla léi a dhéanamh go minic. <a href="#">LO6, SI+2</a>	Líníocht a mbeidh cuspóirí éagsúla léi a dhéanamh agus giotaí gearra simplí a scríobh chun smaointe a chur in iúl agus an múinteoir ag gníomhú mar scríobhaí. <a href="#">LO6, SI+2</a>	Téacsanna simplí a chruthú i réimse seánraí. <a href="#">LO6, SI+2</a>	Téacsanna i réimse seánraí a chruthú agus iad ag díriú ar an gcuspóir agus an lucht éisteachta.  Iniúchadh a dhéanamh ar struchtúr téacs agus gnéithe teanga a bhaineann le réimse seánraí agus iad a úsáid ina gcuid scríbhneoireachta.  A nguth pearsanta a fhorbairt agus téacsanna á gcruthú acu chun a gcuid tuairimí, eolais agus taithí a roinnt le daoine eile. <a href="#">LO6, SI+2</a>	

**TÁ NA MIONCHÉIMEANNA DUL CHUN CINN ANN DO GACH PÁISTE TRASA GACH CÉIM**

a Gníomh an pháiste...	b Gníomh an pháiste...	c Gníomh an pháiste...	d Gníomh an pháiste...	e Gníomh an pháiste...	f Gníomh an pháiste...	g Gníomh an pháiste...	h Gníomh an pháiste...	i Gníomh an pháiste...	j Gníomh an pháiste...	k Gníomh an pháiste...
Baineann an páiste úsáid as comharthaí, siombailí nó téacs chun eispéiris a chomhroinnt.	Comhroinneann an páiste smaointe, eolas agus taithí le daoine eile trína gcuid marcanna.	Tosaíonn an páiste ag roinnt smaointe, eolais agus eispéireas ar mhaithe le cuspóir agus lucht éisteachta ar leith agus é/í ag úsáid marcanna, líníochtaí agus roinnt litreacha.	Scríobhann agus tarraingíonn an páiste ar mhaithe le cuspóir agus lucht éisteachta ar leith, ag roinnt smaointe, eolais agus eispéireas ag an am céanna.	Scríobhann an páiste ar mhaithe le réimse níos leithne cuspóirí agus lucht éisteachta ag roinnt smaointe, eolais agus eispéireas ag an am céanna.	Tosaíonn an páiste ag scríobh i réimse seánraí trí úsáid a bhaint as bunstruchtúr atá cuí don seánra faoi leith, ag meaitseáil teanga le cuspóir, seánra agus lucht éisteachta.	Scríobhann an páiste i réimse seánraí, ag cur sonraí ar fáil, ag léimhíniú príomhphointí agus ag úsáid teanga oiriúnach agus a stíl féin á taiscéaladh acu.	Scríobhann an páiste i réimse seánraí ag tabhairt mionsonraí agus ag déanamh tuilleadh forbartha ar charachtair agus ar smaointe trí úsáid a bhaint as teanga agus struchtúr cuí agus a stíl féin á taiscéaladh acu.	Scríobhann an páiste i réimse seánraí agus é/í ag úsáid struchtúir go solúbhta chun an freastal is fearr a dhéanamh ar a cuspóir.  Úsáideann sé/sí teanga go cruthaitheach agus cuireann sé/sí a stíl féin trasa.	Fiosraíonn agus pléann an páiste feiliúnacht an eolais a bhailíonn sé/sí chun téacs a chruthú.  Aithníonn an páiste na gnéithe dá théacs atá sainiúil dá ghuth pearsanta féin agus déanann sé/sí cur síos ar na gnéithe sin.  Roghnaíonn an páiste an réim teanga (canúintí agus blasanna san áireamh) is feiliúnaí dá théacs bunaithe ar a cuspóir agus ar a lucht éisteachta/léite.  Pléann agus míníonn an páiste an tionchar a bhíonn ag cuspóirí ar leith ar na roghanna a dhéanann sé/sí agus téacs á chruthú aige/aici.	Déanann an páiste measúnú ar na foinse a roghnaíonn sé/sí dá théacs agus tugann údar leis an rogha sin.  Déanann an páiste machnamh ar na gnéithe dá théacs atá sainiúil dá ghuth pearsanta féin.  Fiosraíonn an páiste tuairimí, peirspictíochtaí, agus cultúir éagsúla agus déanann machnamh orthu chun leas a bhaint astu chun téacsanna a chruthú.  Tugann an páiste údar leis na roghanna a rinne sé/sí agus téacs á chruthú aige/aici ar mhaithe le cuspóir agus lucht éisteachta/léite éagsúla.

Tuiscint



## Torthaí Foghlama don Scríbhneoireacht (T2)

Gné	Uimhir agus lipéad	Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha Trí eispéiris chúf foghlama spráúla ba cheart go mbeadh páistí in ann	Céim 2: Rang 1 agus Rang 2 Trí eispéiris chúf foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann	Céim 3: Rang 3 agus Rang 4 Trí eispéiris chúf foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann	Céim 4: Rang 5 agus Rang 6 Trí eispéiris chúf foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann							
Fiosrú agus úsáid	7. Próiseas na scríbhneoireachta agus ag cruthú téacs	–	Próiseas na scríbhneoireachta a aithint agus tús a chur le leas a bhaint as chun téacs a scríobh i gcomhpháirt leis an múinteoir. <a href="#">LO7, S1+2</a>	Téacsanna a chruthú i gcomhpháirt le daoine eile agus/nó go neamhspleách agus leas á bhaint as próiseas na scríbhneoireachta. <a href="#">LO7, S1+2</a>	Scileanna agus straitéisí a bhaineann leis an scríbhneoireacht mar phróiseas a úsáid chun téacsanna a chruthú go neamhspleách agus/nó i bpáirt le daoine eile, i réimse seánraí. <a href="#">LO7, S3+4</a>							
	<b>TÁ NA MIONCHÉIMEANNA DUL CHUN CINN ANN DO GACH PÁISTE TRASNA GACH CÉIM</b>											
		a Gníomh an pháiste...	b Gníomh an pháiste...	c Gníomh an pháiste...	d Gníomh an pháiste...	e Gníomh an pháiste...	f Gníomh an pháiste...	g Gníomh an pháiste...	h Gníomh an pháiste...	i Gníomh an pháiste...	j Gníomh an pháiste...	k Gníomh an pháiste...
		Cíorann an páiste eispéiris phearsanta agus rudáí a bhfuil suim acu féin iontu trí chomharthaí, trí shiombailí agus trí théacs.	Úsáideann an páiste taithí phearsanta agus rudáí a bhfuil spéis acu iontu mar spreagadh le haghaidh a dtéacsanna.	Tosaíonn an páiste ag glacadh páirte i scríbhneoireacht chomhoibríoch agus an múinteoir mar scríobhaí acu.	Úsáideann an páiste topaicí aitheanta mar spreagadh le haghaidh téacsanna agus é/í ag cumadh téacsanna i gcomhpháirt leis an múinteoir.	Pleanálann an páiste téacsanna ó bhéal go comhoibríoch, cuireann in ord agus scríobhann le páistí eile iad agus cumann téacsanna le páistí eile; léann agus pléann a gcuid scríbhneoireachta.	Pleanálann, cuireann in ord agus scríobhann an páiste téacsanna go neamhspleách; léann agus labhraíonn faoina chuid scríbhneoireachta leis an múinteoir lena chinntiú go bhfuil ciall léi agus tosaíonn ag moladh athruithe simplí chun í a fheabhsú.	Pleanálann an páiste téacsanna go neamhspleách agus bailíonn eolas chun téacsanna a chruthú a bhfuil tús, lár agus deireadh acu; léann agus pléann a gcuid scríbhneoireachta, ag aithint athruithe chun feabhas a chur uirthi.	Baineann an páiste leas as réimse d'fhoinsí téacs agus tosaíonn ag úsáid eagraithe grafacha chun scríbhneoireacht a phleanáil; cumann, profálann agus cuireann in eagar chun aiseolas a chur san áireamh.	Baineann an páiste leas as réimse níos leithne foinsí téacs agus úsáideann eagraithe grafacha chun scríbhneoireacht neamhspleách a phleanáil; cumann, profálann agus cuireann in eagar leis féin chun téacsanna a fheabhsú.	Déanann an páiste machnamh ar an aiseolas a fhaigheann sé ó dhaoine eile agus roghnaíonn sé aiseolas feiliúnach chun a théacs a leasú.  Baineann an páiste leas as uirlisí profála agus eagarthóireachta chun a théacs a leasú.  Déanann an páiste machnamh ar na straitéisí agus na scileanna a d'úsáid sé le linn phróiseas na scríbhneoireachta.	Tugann an páiste údar leis na cinntí a ghlac sé agus aiseolas feiliúnach á roghnú aige/aici chun a théacs a leasú.  Tugann an páiste cúiseanna leis na huirlisí profála agus eagarthóireachta a d'úsáid sé chun a théacs a leasú.  Míoníonn an páiste na straitéisí agus na scileanna a d'úsáid sé le linn phróiseas na scríbhneoireachta agus tugann sé údar/cúiseanna leis na roghanna sin.

## Torthaí Foghlama don Scríbhneoireacht (T2)

Gné	Uimhir agus lipéad	Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha	Céim 2: Rang 1 agus Rang 2	Céim 3: Rang 3 agus Rang 4	Céim 4: Rang 5 agus Rang 6					
	8. Freagairt agus intinn an údair	Trí eispéiris chúf foghlama spráúla ba cheart go mbeadh páistí in ann Tuisctint ar théacsanna gearra simplí a léadh dóibh, agus mothúcháin ina leith, a léiriú trí léaráidí/pictiúir a tharraingt. <a href="#">LO8, S1</a>	Trí eispéiris chúf foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann A gcuid pictiúr agus scríbhneoireacht phearsanta a roinnt le daoine eile agus iad a phlé, le tacaíocht. <a href="#">LO8, S1</a>	Brí a gcuid téacsanna féin a roinnt. Freagairt do théacs daoine eile chun tuisctint a léiriú. <a href="#">LO8, S2</a>	Trí eispéiris chúf foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann Brí a gcuid téacsanna féin a roinnt. Freagairt do théacs daoine eile chun tuisctint a léiriú. Tuairimí daoine eile ar a gcuid téacsanna a phlé. <a href="#">LO8, S2</a>					
Fiosrú agus úsáid	<b>TÁ NA MIONCHÉIMEANNA DUL CHUN CINN ANN DO GACH PÁISTE TRASNA GACH CÉIM</b>									
	<b>a</b> Gníomh an pháiste...	<b>b</b> Gníomh an pháiste...	<b>c</b> Gníomh an pháiste...	<b>d</b> Gníomh an pháiste...	<b>e</b> Gníomh an pháiste...	<b>f</b> Gníomh an pháiste...	<b>g</b> Gníomh an pháiste...	<b>h</b> Gníomh an pháiste...	<b>i</b> Gníomh an pháiste...	<b>j</b> Gníomh an pháiste...
Cuireann an páiste in iúl ar bhealach éigin cén chiall atá leis na marcanna a rinne siad.	Úsáideann an páiste gothaí, fuaimneanna nó focail chun a thaispeáint go bhfuil brí phearsanta lena chuid marcanna agus chun freagairt do théacsanna daoine eile a thaispeántar nó a léitear dó.	Labhraíonn an páiste faoina théacsanna féin agus tosaíonn ag caint faoi théacsanna daoine eile trí chaint, marcanna agus líníochtaí.	Labhraíonn an páiste faoi líníochtaí níos mion-sonraithe, agus úsáideann iad, ina théacsanna féin agus tugann níos mó sonraí mar fhreagra ar théacsanna daoine eile.	Úsáideann an páiste líníochtaí níos mionléirthe chun sonraí a roinnt agus aithníonn píosaí téacs simplí soiléire mar fhreagra ar cheisteanna sonracha. Comhroinneann an páiste léirmhíniú pearsanta ar théacs duine eile.	Pléann an páiste a chuid oibre féin agus míníonn cén fáth ar roghnaigh sé/sí topaicí agus ábhar. Pléann an páiste obair daoine eile agus déanann ceangal idir í agus a chuid taithí féin.	Comhroinneann an páiste a chuid oibre le daoine eile, ag tabhairt míniú níos fearr ar na sonraí. Tugann an páiste freagra ar obair daoine eile, ag plé na bpríomhphointí go mion agus á cur i gcomhthéacs a n-eispéireas féin sa chás gur cuí.	Pléann an páiste ó bhéal, míníonn agus déanann nasc le carachtair atá cruthaithe aige/aici ina scéalta féin ar bhealach níos mionsonraithe. Pléann an páiste carachtair agus príomhimeachtaí i scéalta daoine eile, tuarann príomhghníomhartha agus baineann tatal maidir lena spreagann carachtair chun príomhghníomhartha a dhéanamh.	Pléann an páiste na príomhghníomhartha a bhí acu chun focail/frásaí faoi leith a úsáid chun críche éifeachtaí/giúimair/tionchair. Déanann an páiste léirmhíniú ar na príomhghníomhartha atá á gcur in iúl in obair daoine eile agus baineann tatal faoi na cúiseanna a bhí ag an údar lena n-aghaidh sin.	Déanann an páiste comparáid idir an aidhm a bhí aige/aici féin mar údar agus an bhrí a bhaineann lucht éisteachta/léite as a théacs. Aithníonn an páiste an tionchar a bhíonn ag cultúr agus féiniúlacht an údair ar na teachtaireachtaí a bhíonn ina théacs.	Déanann an páiste measúnú ar an tionchar a bhíonn ag a fhéiniúlacht agus a chultúr (nó cultúir eile sa phobal) ar na téacsanna a chruthaíonn sé. Déanann an páiste measúnú ar an ngaol a bhíonn idir réim teanga agus aidhm an údair.

## Torthaí Foghlama don Scríbhneoireacht (T2)

Gné	Uimhir agus lipéad	Céim 1: Naionáin shóisearacha agus shinsearacha Trí eispéiris chúf foghlama spráúla ba cheart go mbeadh páistí in ann	Céim 2: Rang 1 agus Rang 2 Trí eispéiris chúf foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann	Céim 3: Rang 3 agus Rang 4 Trí eispéiris chúf foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann	Céim 4: Rang 5 agus Rang 6 Trí eispéiris chúf foghlama tarraingteach ba cheart go mbeadh páistí in ann						
Fiosrú agus úsáid	9. Peannaireacht agus cur i láthair	–	–	Scríobh ag baint úsáid as stíl scríbhneoireachta atá roghnaithe.  Téacsanna a chur i láthair i réimse formáidí. <a href="#">LO9, S2</a>	Scríobh go hinléite agus go líofa agus úsáid á baint acu as stíl scríbhneoireachta atá roghnaithe.  Téacsanna a chur i láthair i réimse formáidí. <a href="#">LO9, S3</a>						
	<b>TÁ NA MIONCHÉIMEANNA DUL CHUN CINN ANN DO GACH PÁISTE TRASNA GACH CÉIM</b>										
	<b>a</b> Gníomh an pháiste...	<b>b</b> Gníomh an pháiste...	<b>c</b> Gníomh an pháiste...	<b>d</b> Gníomh an pháiste...	<b>e</b> Gníomh an pháiste...	<b>f</b> Gníomh an pháiste...	<b>g</b> Gníomh an pháiste...	<b>h</b> Gníomh an pháiste...	<b>i</b> Gníomh an pháiste...	<b>j</b> Gníomh an pháiste...	<b>k</b> Gníomh an pháiste...
	Cíorann an páiste uirlisí déanta marcanna agus dromchlaí.	Fiosraíonn an páiste uirlisí chun marcanna a dhéanamh.	Úsáideann an páiste roinnt smachta ar mhataín chun foirmeacha atá ar nós litreacha a dhéanamh.	Úsáideann an páiste smacht maith ar mhataín. Scríobhann an páiste roinnt litreacha sa chás uachtair agus sa chás íochtair.	Scríobhann an páiste roinnt litreacha sa chás uachtair agus sa chás íochtair go hinléite agus mar litreacha scartha.	Scríobhann an páiste an chuid is mó de na litreacha sa chás uachtair agus sa chás íochtair mar litreacha scartha.	Scríobhann an páiste go hinléite agus go líofa agus <i>é/í</i> ag úsáid litreacha scartha. Léiríonn an páiste téacs i réimse formáidí.	Scríobhann an páiste go inléite i script roghnaithe. Léiríonn an páiste téacs ar mhaithe le cuspóirí agus le lucht éisteachta/léite éagsúla.	Scríobhann an páiste go inléite agus go líofa i script roghnaithe. Léiríonn an páiste téacs ar bhealach cruthaitheach agus tarraingteach ar mhaithe le cuspóirí agus lucht éisteachta/léite éagsúla.	Fiosraíonn agus pléann an páiste straitéisí agus stíleanna éagsúla chun téacs a chur i láthair i réimse formáidí.	Pléann an páiste aibtrí agus scrípteanna i dteangacha éagsúla (scrípteanna na Gaeilge ina measc) agus bíonn spraoi aige/aici leo.



